Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A (60 marc)*

**Dé Céadaoin, 18 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

| | |
|---|---|
| **ROINN A** | • Cuirtear ceithre cheist i láthair.<br>• Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.<br>• Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A. |
| **ROINN B** | • Cuirtear trí cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B. |
| **ROINN C** | • Cuirtear cúig cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C. |

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** ____________

## ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.


**A-1.** Sa ghrafaic 3D thíos, taispeántar péire fáinní cluaise atá bunaithe ar chruthanna éilipseacha.

Taispeánann an líníocht ar dheis mór-ais agus mion-ais an éilips.
Tá cuid den chuar tarraingthe cheana féin.

**(a)** Aimsigh na pointí eile ar an gcuar agus tarraing an t-éilips.

**(b)** Aimsigh pointí fócais an éilips.






**A-2.** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar cuid amháin de thram *Luas*. Taispeántar ar dheis an bonnchló, an t-ingearchló agus an taobhchló d'imlíne an tram. Níl an taobhchló críochnaithe.

**(a)** Críochnaigh taobhchló an tram.

**(b)** Tarraing an taobhchló de chónascaire an tsoláthair chumhachta ar bharr an tram.







**A-3.** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar bréagáin atá i gcruth sféar agus cóin.

Taispeánann an líníocht ar dheis ingearchló chón **A** agus dhá sféar, **B** agus **C**. Tá na trí sholad go léir ina luí ar an bplána cothrománach agus iad i dteagmháil lena chéile.
Taispeántar bonnchló chón **A** freisin.

**(a)** Tarraing bonnchló sféar **B**.

**(b)** Tarraing bonnchló sféar **C**.







**A-4.** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar an lógó "MELBOURNE" a bhí ar taispeáint ar chlár fógraí le linn chraobhchomórtas leadóige an *Australian Open*.
Tá an lógó deartha le bheith cosúil le leathanaigh as leabhar.

Sa líníocht thíos, nach bhfuil críochnaithe, taispeántar conas a úsáideadh dhá phointe téaltaithe chun an lógó a thógáil.

Críochnaigh an líníocht.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

*(Scála 1:1000)*

